CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2191 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Samhain 2022

maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh raidió atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 5376 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2014/53/AE ("an iarraidh").

(3) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh ETSI caighdeáin chomhchuibhithe EN 303 347-2 V2.1.1, EN 301 489-12 V3.2.1, EN 301 489-20 V2.2.1, EN 301 489-52 V1.2.1, EN 303 347-1 V2.1.1, EN 303 347-3 V2.1.1, EN 303 363-1 V1.1.1, EN 303 213-5-2 V1.1.1 agus EN 300 674-2-1 V3.1.1.

(4) Ar bhonn na hiarrata, rinne ETSI athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 300 422-1 V2.1.2, EN 300 422-2 V2.1.1, EN 300 422-3 V2.1.1 agus EN 301 908-10 V4.2.2, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Teachtaireacht 2018/C326/04 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 300 422-1 V2.2.1 agus EN 301 908-10 V4.3.1. Rinne ETSI athbhreithniú freisin ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 301 025 V2.2.1, EN 303 345-2 V1.1.1, EN 303 345-5

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 5376 final ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2015 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide, mar atá, caighdeánú maidir le trealamh raidió chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 1999/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh raidió agus trealamh teirminéil teileachumarsáide agus le haitheantas frithpháirteach a gcomhréireachta agus Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 326, 14.9.2018, lch. 114).

V1.1.1 agus EN 301 908-13 V13.1.1, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 ón gCoimisiún ([5]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 025 V2.3.1, EN 303 345-2 V1.2.1, EN 303 345-5 V1.2.1 agus EN 301 908-13 V13.2.1.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le ETSI féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe sin an iarraidh.

(6) Maidir le caighdeáin chomhchuibhithe EN 300 422-1 V2.2.1, EN 301 025 V2.3.1, EN 301 908-10 V4.3.1, EN 303 347-1 V2.1.1, EN 303 347-2 V2.1.1, EN 303 347-3 V2.1.1, EN 303 363-1 V1.1.1, EN 300 674-2-1 V3.1.1 agus EN 303 213-5-2 V1.1.1, comhlíonann siad na ceanglais riachtanacha arb aidhm dóibh iad a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/53/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Áirítear ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-12 V3.2.1, EN 301 489-20 V2.2.1, agus EN 301 489-52 V1.2.1 lamháltais le haghaidh na cumraíochta. Sáraíonn an eilimint sin cuspóir caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le reachtaíocht an Aontais, ós rud é go rialaíonn sí gnéithe nithiúla den trealamh tástála seachas díriú ar na torthaí. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(8) I gclásal 4.2.2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 301 908-13 V13.2.1, áirítear lamháltais chun an uaschumhacht a thomhas. Is féidir glacadh le lamháltas teoranta i gcás tomhas den sórt sin, in imthosca áirithe, mar a shonraítear i gCinneadh 2010/267 ón gCoimisiún/AE ([6]). Leis an gCinneadh sin, cuirtear teorainn +2 dB leis an lamháltas, ar luach é atá níos ísle ná na luachanna a leagtar amach i gclásal 4.2.2 den chaighdeán comhchuibhithe sin. Is féidir le táirgeadh trasnaíochtaí díobhálacha a bheith mar thoradh ar lamháltais a bhfuil luachanna níos mó acu. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(9) Le caighdeáin chomhchuibhithe EN 303 345-2 V1.2.1, agus EN 303 345-5 V1.2.1, ceadaítear don mhonaróir a chinneadh nach bhfuil gá le tástálacha áirithe, a mhéid a bhaineann leis na hastaíochtaí neamh-inmhianaithe i réimse na n-astaíochtaí iomrallacha. Mar gheall ar an rogha sin, ní féidir a áirithiú go mbaintear amach na luachanna a leagtar síos i gcaighdeáin chomhchuibhithe EN 303 345-2 V1.2.1, EN 303 345-3 V1.1.1, EN 303 345-4 V1.1.1 agus EN 303 345-5 V1.2.1. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(10) Le caighdeáin chomhchuibhithe EN 303 345-3 V1.1.1 agus EN 303 345-4 V1.1.1, a foilsíodh faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, áirítear na heilimintí céanna a léirítear san aithris roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(11) Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 300 422-1 V2.1.2, EN 300 422-2 V2.1.1, EN 300 422-3 V2.1.1, EN 301 908-10 V4.2.2, EN 301 025 V2.2.1, EN 303 345-2 V1.1.1, EN 303 345-5 V1.1.1 agus EN 301 908-13 V13.1.1 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 303 413 V1.2.1, EN 303 372-1 V1.2.1 agus EN 303 372-2 V1.2.1, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh cheana i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, is iad na caighdeáin sin na leaganacha nua de chaighdeáin chomhchuibhithe EN 303 413 V1.1.1, EN 303 372-1 V1.1.1 agus EN 303 372-2 V1.1.1, caighdeáin a bhfoilsítear na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Teachtaireacht 2018/C326/04. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 303 413 V1.1.1, EN 303 372-1 V1.1.1 agus EN 303 372-2 V1.1.1 a tharraingt siar as sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* freisin.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 34, 6.2.2020, lch. 46).

([6]) Cinneadh 2010/267 AE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2010 maidir le coinníollacha teicniúla comhchuibhithe sa bhanda minicíochta 790-862 MHz a úsáid le haghaidh córais trastíre a bheadh in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar san Aontas Eorpach (IO L 117, 11.5.2010, lch. 95).(IO L 189, 15.7.2019, lch. 71).

(13) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a dtrealamh raidió a oiriúnú, ar trealamh raidió é a chumhdaítear le haon cheann de na caighdeáin chomhchuibhithe a leanas: EN 300 422-1 V2.1.2, EN 300 422-2 V2.1.1, EN 300 422-3 V2.1.1, EN 301 908-10 V4.2.2, EN 301 025 V2.2.1, EN 303 345-2 V1.1.1, EN 303 345-5 V1.1.1 agus EN 301 908-13 V13.1.1, EN 303 413 V1.1.1, EN 303 372-1 V1.1.1 agus EN 303 372-2 V1.1.1, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a chur siar.

(14) Rinneadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 908-14 V13.1.1, EN 301 908-15 V11.1.2 agus EN 301 908-18 V13.1.1 a tharraingt siar ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167, ina liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtoimhdítear an chomhréireacht le Treoir 2014/53/AE. Cé gur tarraingíodh na tagairtí do na caighdeáin sin siar as sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, áiríodh idirthréimhse le haghaidh na dtagairtí sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167. Liostaítear san Iarscríbhinn sin, áfach, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a tarraingíodh siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Chun soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá an dáta a tharraingeofar siar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a chur isteach go sainráite i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(15) Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin, lena n-áirítear aon teorainn a leagtar amach d'aon cheann de na caighdeáin chomhchuibhithe sin. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú leis an Treoir sin, is i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 agus i dTeachtaireacht 2018/C326/04 ón gCoimisiún atá siad foilsithe faoi láthair.

(16) Rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167 a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, agus ós rud é gur gá leasú breise a dhéanamh ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú.

(17) Tarraingíodh siar go leor de na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh i dTeachtaireacht 2018/C326/04 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2019/1202 ([7]). Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, ba cheart Teachtaireacht 2018/C326/04 a aisghairm. Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a gcuid táirgí a oiriúnú do leaganacha athbhreithnithe na gcaighdeán lena mbaineann, ba cheart go leanfadh Teachtaireacht 2018/C326/04 d'fheidhm a bheith aici go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann a foilsíodh leis an Teachtaireacht sin.

(18) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE, agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, faoi réir aon teorainn a leagtar amach san Iarscríbhinn sin d'aon cheann de na caighdeáin chomhchuibhithe sin.

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Measfar na tagairtí sin a bheith foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar feadh na dtréimhsí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

([7]) (IO L 189, 15.7.2019, lch. 71).

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/167.

Airteagal 3

Aisghairtear Teachtaireacht 2018/C326/04.

Mar sin féin, leanfaidh sí d'fheidhm a bheith aici maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí sin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin iad. Gach ceann de na tagairtí siúd, beidh sí tarraingthe siar ón dáta a leagtar amach ina leith san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 50360:2017 Caighdeán táirge chun a léiriú go gcomhlíonann gairis chumarsáide gan sreang na bunsrianta agus na teorainnluachanna nochta a bhaineann le nochtadh an duine do réimsí leictreamaighnéadacha sa raon minicíochta ó 300 MHz go 6 GHz: gairis a úsáidtear gar don chluas
2.	EN 50385:2017 Caighdeán táirge chun a léiriú go gcomhlíonann trealamh bunstáisiúin na teorainneacha maidir le nochtadh radaimhinicíochta réimsí leictreamaighnéadacha (110 MHz - 100 GHz), nuair a chuirtear ar an margadh é
3.	EN 50401:2017 Caighdeán táirge chun a léiriú go gcomhlíonann trealamh bunstáisiúin na teorainneacha maidir le nochtadh radaimhinicíochta réimsí leictreamaighnéadacha (110 MHz - 100 GHz), nuair a chuirtear i mbun seirbhíse é
4.	EN 50566:2017 Caighdeán táirge chun a léiriú go gcomhlíonann gairis chumarsáide gan sreang na bunsrianta agus na teorainnluachanna nochta a bhaineann le nochtadh an duine do réimsí leictreamaighnéadacha sa raon minicíochta ó 30 MHz go 6 GHz: gairis láimhe agus gairis atá suite ar an gcorp atá an-ghar do chorp an duine
5.	EN 55035:2017 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach maidir le trealamh ilmheán - Ceanglais um imdhíonacht CISPR 35:2016 (Modhnaithe)
6.	EN 300 065 V2.1.2 Trealamh caolbhanda teileagraif faoi chomhair priontáil dhíreach chun faisnéis mheitéareolaíoch nó loingseoireachta a fháil (NAVTEX), Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagail 3.2 agus 3.3(g) de Threoir 2014/53/AE
7.	EN 300 086 V2.1.2 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió le nascóir RF inmheánach nó seachtrach atá beartaithe go príomha le haghaidh urlabhra analógach, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
8.	EN 300 113 V2.2.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió atá beartaithe chun sonraí (agus/nó urlabhra) a tharchur agus úsáid á baint as modhnúchán le himchlúdach tairiseach nó neamhsheasmhach agus a bhfuil nascóir aeróige aige, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
9.	EN 300 219 V2.1.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió a tharchuireann comharthaí chun freagairt shonrach a thionscnamh sa ghlacadóir, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
10.	EN 300 220-2 V3.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD) a oibríonn sa raon minicíochta 25 MHz go 1 000 MHz, Cuid 2: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE le haghaidh trealamh raidió neamhshonrach

11.	EN 300 220-3-1 V2.1.1 Gairis Ghearr-Raoin (SRD) a oibríonn sa raon minicíochta 25 MHz go 1 000 MHz, Cuid 3-1: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Trealamh íseal-timthrialla ardiontaofachta, trealamh aláraim shóisialta a oibríonn ar mhinicíochtaí ainmnithe (869,200 MHz go 869,250 MHz)
12.	EN 300 220-3-2 V1.1.1 Gairis Ghearr-Raoin (SRD) a oibríonn sa raon minicíochta 25 MHz go 1 000 MHz, Cuid 3-2: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Aláraim gan sreang a oibríonn i mbandaí minicíochta LDC/HR ainmnithe 868,60 MHz go 868,70 MHz, 869,25 MHz go 869,40 MHz, 869,65 MHz go 869,70 MHz
13.	EN 300 220-4 V1.1.1 Gairis Ghearr-Raoin (SRD) a oibríonn sa raon minicíochta 25 MHz go 1 000 MHz, Cuid 4: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Gairis mhéadrúcháin a oibríonn i mbandaí minicíochta ainmnithe 169,400 MHz go 169,475 MHz
14.	EN 300 224 V2.1.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh Raidió le húsáid i Seirbhís Ghlaoireachta a oibríonn laistigh den raon minicíochta 25 MHz - 470 MHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
15.	EN 300 296 V2.1.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió a úsáideann aeróga comhtháite atá beartaithe go príomha le haghaidh urlabhra analógach, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
16.	EN 300 328 V2.2.2 Córais tarchurtha leathanbhanda, Trealamh tarchurtha sonraí a oibríonn sa bhanda 2,4 GHz, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió
17.	EN 300 330 V2.1.1 Gairis Ghearr-Raoin (SRD), Trealamh raidió sa raon minicíochta 9 kHz go 25 MHz agus lúbchórais ionduchtacha sa raon minicíochta 9 kHz go 30 MHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
18.	EN 300 341 V2.1.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió a úsáideann aeróga comhtháite a tharchuireann comharthaí chun freagairt shonrach a thionscnamh sa ghlacadóir, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
19.	EN 300 390 V2.1.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió atá beartaithe chun sonraí (agus urlabhra) a tharchur agus a úsáideann aeróg comhtháite, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
20.	EN 300 422-1 V2.2.1 Micreafóin gan sreang, Fuaim PMSE suas le 3 GHz, Cuid 1: Trealamh Fuaim PMSE suas le 3 GHz, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió

21.	EN 300 422-4 V2.1.1 Micreafóin gan sreang, Fuaim PMSE suas le 3 GHz, Cuid 4: Gairis Chúnta Éisteachta lena n-áirítear aimplitheoirí fuaime pearsanta agus córais ionduchtacha suas le 3 GHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
22.	EN 300 433 V2.1.1 Trealamh raidió an Banda Saoránach (CB), Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
23.	EN 300 440 V2.1.1 Gairis Ghearr-Raoin (SRD), Trealamh raidió atá le húsáid sa raon minicíochta 1 GHz go 40 GHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE Fógra: Leis an gCaighdeán Comhchuibhithe seo, i gcás catagóirí glacadóirí 2 agus 3 mar a shainmhínítear i dTábla 5 den chaighdeán seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le paraiméadair feidhmíochta glacadóra agus ní caighdeán é a fhágann go bhfuil toimhde comhréireachta ann maidir leis na paraiméadair sin.
24.	EN 300 454-2 V1.1.1 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus gnóthaí a bhaineann leis an speictream raidió (ERM), Naisc fuaime leathanbhanda, Cuid 2: EN comhchuibhithe faoi Airteagal 3.2 den Treoir maidir le R&TTE Fógra: Leis an gCaighdeán Comhchuibhithe seo ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le paraiméadair feidhmíochta glacadóra agus ní caighdeán é a fhágann go bhfuil toimhde comhréireachta ann maidir leis na paraiméadair sin.
25.	EN 300 487 V2.1.2 Córais agus Domhanstáisiúin le haghaidh cumarsáid satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Mhóibíleacha "Glacadh-Amháin" (ROMES) lena soláthraítear cumarsáid sonraí a oibríonn sa bhanda minicíochta 1,5 GHz, Sonraíochtaí Radaimhinicíochtaí (RF) lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
26.	EN 300 674-2-1 V3.1.1 Teileamataic Iompair agus Tráchta (TTT), Trealamh tarchurtha Cumarsáide Gearr-Raoin Tiomnaithe (DSRC) (500 kbit/s/250 kbit/s) a oibríonn sa bhanda minicíochta 5 795 MHz go 5 815 MHz, Cuid 2: Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Fochuid 1: Aonaid Cois Bóthair (RSU)
27.	EN 300 674-2-2 V2.2.1 Teileamataic Iompair agus Tráchta (TTT), Trealamh tarchurtha Cumarsáide Gearr-Raoin Tiomnaithe (DSRC) (500 kbit/s/250 kbit/s) a oibríonn sa bhanda minicíochta 5 795 MHz go 5 815 MHz, Cuid 2: Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Fochuid 2: Aonaid ar Bord (OBU)
28.	EN 300 676-2 V2.1.1 Tarchuradóirí, glacadóirí agus trasghlacadóirí raidió talamhbhunaithe VHF de chineál láimhe, soghluaiste agus seasta le haghaidh seirbhís mhóibíleach aerloingseoireachta VHF a úsáideann modhnúchán aimplitiúide, Cuid 2: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
29.	EN 300 698 V2.3.1 Tarchuradóirí agus glacadóirí raidió teileafóin le haghaidh na seirbhíse móibílí muirí a oibríonn sna bandaí VHF a úsáidtear ar uiscebhealaí intíre, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió agus le gnéithe le haghaidh seirbhísí éigeandála Fógra: Ní hionann comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo agus toimhde comhréireachta leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE más rud é, i gclásal 8.2.3 den chaighdeán comhchuibhithe seo, go gcuirfear i bhfeidhm an abairt, "Leis an lasc cumhachta aschuir socraithe ag uasmhéid, beidh an chumhacht iompróra laistigh de ± 1,5 dB den chumhacht aschurtha rátaithe faoi ghnáthdhálaí tástála".

30.	EN 300 718-1 V2.2.1 Rabhcháin maidhme sneachta a oibríonn ag 457 kHz, Córais glacadóra-tarchuradóra, Cuid 1: Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió Fógra 1: Ní rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil toimhde comhréireachta ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirfear an abairt dheireanach de chlásal 5.1.3.1 den chaighdeán seo i bhfeidhm. Fógra 2: Ní rud é an caighdeán comhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil toimhde comhréireachta ann maidir le diúltú freagartha bréige.
31.	EN 300 718-2 V1.1.1 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus gnóthaí a bhaineann leis an speictream raidió (ERM), Rabhcháin maidhme sneachta, Córais glacadóra-tarchuradóra, Cuid 2: EN Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir R&TTE Fógra: Leis an gCaighdeán Comhchuibhithe seo ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le paraiméadair feidhmíochta glacadóra agus ní caighdeán é a fhágann go bhfuil toimhde comhréireachta ann maidir leis na paraiméadair sin.
32.	EN 300 718-2 V2.1.1 Rabhcháin maidhme sneachta a oibríonn ag 457 kHz, Córais glacadóra-tarchuradóra, Cuid 2: Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh gnéithe maidir le seirbhísí éigeandála
33.	EN 300 720 V2.1.1 Córais chumarsáide agus trealamh cumarsáide de mhinicíocht ultra-ard (UHF) ar bord soithí, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
34.	EN 301 025 V2.3.1 Trealamh radaiteileafón VHF le haghaidh cumarsáid ghinearálta agus trealamh gaolmhar le haghaidh Cónascadh Roghnaithe Digiteach d'Aicme "D" (DSC), Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió agus le gnéithe le haghaidh seirbhísí éigeandála
35.	EN 301 091-2 V1.3.2 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus gnóthaí a bhaineann leis an speictream raidió (ERM), Gairis Ghearr-Raoin, Teileamataic Iompair agus Tráchta (RTTT), Trealamh radair a oibríonn sa raon 76 GHz go 77 GHz, Cuid 2: EN Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir R&TTE Fógra: Leis an gCaighdeán Comhchuibhithe seo ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le paraiméadair feidhmíochta glacadóra agus ní caighdeán é a fhágann go bhfuil toimhde comhréireachta ann maidir leis na paraiméadair sin.
36.	EN 301 166 V2.1.1 Seirbhís Mhóibíleach Talún, Trealamh raidió le haghaidh cumarsáid analógach agus/nó dhigiteach (urlabhra agus/nó sonraí) agus a oibríonn ar chainéil bhanda chúnga agus a bhfuil nascóir aeróige acu, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
37.	EN 301 178 V2.2.2 Trealamh radaiteileafóin An-Ardmhinicíochta (VHF) Iniompartha le haghaidh na seirbhíse móibílí muirí a oibríonn sna bandaí VHF (le haghaidh feidhmchláir neamh-GMDSS amháin), Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
38.	EN 301 357 V2.1.1 Gairis fuaime gan sreang sa raon 25 MHz go 2 000 MHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE

39.	EN 301 360 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Teirminéil Satailíte Idirghníomhacha (SIT) agus Teirminéil Úsáideoirí Satailíte (SUT) a tharchuireann i dtreo satailítí i bhfithis gheochobhsaí, a oibríonn sna bandaí minicíochta 27,5 GHz go 29,5 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
40.	EN 301 406 V2.2.2 Teileachumarsáid Dhigiteach Neartaithe Gan Sreang (DECT), Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
41.	EN 301 426 V2.1.2 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Satailíte Mhóibíleacha Talún (LMES) ráta sonraí íseal agus le haghaidh Domhanstáisiúin Satailíte Mhóibíleacha Mhuirí (MMES) nach bhfuil beartaithe le haghaidh cumarsáid i gcás guaise nó sábháilteachta, a oibríonn sna bandaí minicíochta 1,5 GHz/1,6 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
42.	EN 301 427 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Satailíte Mhóibíleacha (MES) ráta sonraí íseal ach amháin domhanstáisiúin satailíte mhóibíleach aerloingseoireachta a oibríonn sna bandaí minicíochta 11/12/14 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
43.	EN 301 428 V2.1.2 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT), Domhanstáisiúin satailíte tarchuir amháin, tarchuir/glactha nó glactha amháin a oibríonn sna bandaí minicíochta 11/12/14 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
44.	EN 301 430 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Satailíte Bhailithe Nuachta Iniompartha (SNG TES) a oibríonn sna bandaí minicíochta 11 GHz go 12 GHz/13 Ghz go 14 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
45.	EN 301 441 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Mhóibíleacha (MES), lena n-áirítear domhanstáisiúin láimhe, le haghaidh Líonraí Cumarsáide Pearsanta Satailíte (S-PCN) a oibríonn sa bhanda minicíochta 1,6 GHz/2,4 GHz faoin tSeirbhís Satailíte Shoghluaiste (MSS) lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
46.	EN 301 442 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Mhóibíleacha NGSO lena n-áirítear domhanstáisiúin láimhe, le haghaidh Líonraí Cumarsáide Pearsanta Satailíte (S-PCN) a oibríonn sna bandaí minicíochta 1 980 MHz go 2 010 MHz (ón domhan go dtí an spás) agus 2 170 MHz go 2 200 MHz (ón spás go dtí an domhan) faoin tSeirbhís Satailíte Shoghluaiste (MSS) lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
47.	EN 301 443 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT), Domhanstáisiúin satailíte tarchur amháin, tarchur/glacadh nó glacadh amháin a oibríonn sna bandaí minicíochta 4 GHz agus 6 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE

48.	EN 301 444 V2.2.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Domhanstáisiúin Mhóibíleacha Talún (LMES) agus Domhanstáisiúin Mhóibíleacha Mhuirí (MMES) a sholáthraíonn cumarsáid gutha agus/nó sonraí, a oibríonn sna bandaí minicíochta 1,5 GHz agus 1,6 GHz, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió Fógra: Ní rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil toimhde comhréireachta ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirfear aon cheann de na nithe seo a leanas i bhfeidhm: (a) an dara mír de chlásal 5.2.1 den chaighdeán seo, (b) clásal 5.2.2.3.1 den chaighdeán sin, (c) an chéad mhír de chlásal 5.2.3 den chaighdeán seo, (d) an chéad mhír de chlásal 5.2.4 den chaighdeán seo, (e) an chéad mhír de chlásal 5.2.5 den chaighdeán seo.
49.	EN 301 447 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Domhanstáisiúin satailíte ar bord Soithí (ESVanna) a oibríonn sna bandaí minicíochta 4/6 GHz a leithdháiltear ar an tSeirbhís Fhosaithe Satailíte (FSS) lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
50.	EN 301 459 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Teirminéil Satailíte Idirghníomhacha (SIT) agus Teirminéil Úsáideoirí Satailíte (SUT) a tharchuireann i dtreo satailítí i bhfithis gheochobhsaí, a oibríonn sna bandaí minicíochta 29,5 GHz go 30,0 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
51.	EN 301 473 V2.1.2 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Domhanstáisiúin Aerárthaí (AES) a sholáthraíonn Seirbhís Satailíte Shoghluaiste Aerloingseoireachta (AMSS)/Seirbhís Satailíte Shoghluaiste (MSS) agus/nó an tSatailít Shoghluaiste Aerloingseoireachta ar Sheirbhís Bealaigh (AMS(R)S)/Seirbhís Satailíte Shoghluaiste (MSS), a oibríonn sa bhanda minicíochta faoi bhun 3 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE
52.	EN 301 489-12 V3.2.1 An caighdeán maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió, Cuid 12: Coinníollacha sonracha le haghaidh Teirminéil Chró An-Mhion, Domhanstáisiúin atá Idirghníomhach le Satailít a oibrítear sna raonta minicíochta idir 4 GHz agus 30 GHz sa tSeirbhís Fhosaithe Satailíte (FSS), Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra: Ní hionann comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo agus toimhde comhréireachta leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirfear i bhfeidhm aon lamháltas don chumraíocht a leagtar síos in ETSI EN 301 489-1 (V2.2.3) (11-2019), bunú a luaitear sa chaighdeán comhchuibhithe seo mar thagairt normatach [1].
53.	EN 301 489-20 V2.2.1 An caighdeán maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió, Cuid 20: Coinníollacha sonracha le haghaidh Domhanstáisiúin Mhóibíleacha (MES) a úsáidtear sna Seirbhísí Satailíte Soghluaiste (MSS), Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra: Ní hionann comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo agus toimhde comhréireachta leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirfear i bhfeidhm aon lamháltas don chumraíocht a leagtar síos in ETSI EN 301 489-1 (V2.2.3) (11-2019), bunú a luaitear sa chaighdeán comhchuibhithe seo mar thagairt normatach [1].

54.	EN 301 489-52 V1.2.1 An caighdeán maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió, Cuid 52: Coinníollacha sonracha maidir le trealamh raidió agus trealamh coimhdeach le haghaidh Trealamh Úsáideora Cumarsáide Ceallacha (UE), Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra: Ní hionann comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo agus toimhde comhréireachta leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirfear i bhfeidhm aon lamháltas don chumraíocht a leagtar síos in ETSI EN 301 489-1 (V2.2.3) (11-2019), bunú a luaitear sa chaighdeán comhchuibhithe seo mar thagairt normatach [1].
55.	EN 301 502 V12.5.2 Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach (GMS), Trealamh Stáisiún Bunáite (BS), Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
56.	EN 301 511 V12.5.1 Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach (GMS), Trealamh Stáisiún Móibíleacha (MS), Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
57.	EN 301 559 V2.1.1 Gairis Ghearr-Raoin (SRD), Feistí Leighis So-ionchlannaithe Gníomhacha Ísealchumhachta (LP-AMI) agus na Forimeallaigh ghaolmhara (LP-AMI-P) a oibríonn sa raon minicíochta 2 483,5 MHz go 2 500 MHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
58.	EN 301 598 V1.1.1 Gairis Spáis Bháin (WSD), Córas Rochtana Gan Sreang a oibríonn sa bhanda minicíochta teilifíse 470 MHz go 790 MHz, EN comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir R&TTE Fógra: Leis an gCaighdeán Comhchuibhithe seo ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le paraiméadair feidhmíochta glacadóra agus ní caighdeán é a fhágann go bhfuil toimhde comhréireachta ann maidir leis na paraiméadair sin.
59.	EN 301 681 V2.1.2 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Mhóibíleacha (MES) de chórais satailíte shoghluaiste gheochobhsaí, lena n-áirítear domhanstáisiúin láimhe, le haghaidh Líonraí Cumarsáide Pearsanta Satailíte (S-PCN) faoin tSeirbhís Satailíte Shoghluaiste (MSS), a oibríonn sna bandaí minicíochta 1,5 GHz agus 1,6 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
60.	EN 301 721 V2.1.1 Córais agus Domhanstáisiúin Satailíte (SES), Caighdeán Comhchuibhithe le haghaidh Domhanstáisiúin Mhóibíleacha (MES) a sholáthraíonn Cumarsáid Sonraí ar Ráta Giotán Íseal (LBRDC) agus úsáid á baint as satailítí Íseal-Domhanfhithiseacha (LEO) a oibríonn sa bhanda minicíochta faoi bhun 1 GHz lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
61.	EN 301 783 V2.1.1 Trealamh raidió amaitéarach atá ar fáil ar bhonn tráchtála, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
62.	EN 301 839 V2.1.1 Feistí Leighis So-ionchlannaithe Gníomhacha Sár-ísealchumhachta (ULP-AMI) agus na Forimeallaigh ghaolmhara (ULP-AMI-P) a oibríonn sa raon minicíochta 402 MHz go 405 MHz, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE

63.	EN 301 841-3 V2.1.1 Nasc Digiteach aer-talamh VHF (VDL) Mód 2, Saintréithe teicniúla agus modhanna tomhais maidir le trealamh ar talamh, Cuid 3: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
64.	EN 301 842-5 V2.1.1 Trealamh raidió Nasc Digiteach aer-talamh VHF (VDL) Mód 4, Saintréithe teicniúla agus modhanna tomhais maidir le trealamh ar talamh, Cuid 5: Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
65.	EN 301 893 V2.1.1 5 GHz RLAN, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
66.	EN 301 908-1 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 1: Réamhrá agus ceanglais choiteanna Eisiúint 15 Fógra: Ní rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil toimhde comhréireachta ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirfear nóta 3 de chlásal 5.3.2.1 den chaighdeán seo i bhfeidhm.
67.	EN 301 908-10 V4.3.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 10: Stáisiúin Bhunáite (BS), Athchraoltóirí agus Trealamh Úsáideora (UE) le haghaidh líonraí ceallacha Tríú Glúine IMT-2000
68.	EN 301 908-11 V11.1.2 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 11: Athchraoltóirí Spré Díreach CDMA (UTRA FDD)
69.	EN 301 908-12 V7.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán Comhchuibhithe lena gcumhdaítear ceanglais riachtanacha Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 12: Athchraoltóirí Il-Iompróra CDMA (cdma2000)
70.	EN 301 908-13 V13.2.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 13: Trealamh Úsáideora (UE) le haghaidh Rochtain ar Raidió Trastíre Uilíoch Fabhraithe (E-UTRA) Fógra: Ní rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo a nglacfar leis dá bharr go bhfuil toimhde comhréireachta ann leis an gceanglas riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE, más rud é, i gcás ina gcuirfear clásal 4.2.2 den chaighdeán comhchuibhithe seo i bhfeidhm, go gcuirfear lamháltas níos mó ná 2 dB i bhfeidhm.
71.	EN 301 908-14 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 14: Stáisiúin bhunáite (BS) le haghaidh rochtain ar raidió trastíre uilíoch fabhraithe (E-UTRA) Eisiúint 15
72.	EN 301 908-15 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 15: Athchraoltóirí le haghaidh rochtain ar raidió trastíre uilíoch fabhraithe (E-UTRA FDD)

73.	EN 301 908-18 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 18: E-UTRA, UTRA agus GSM/EDGE Stáisiúin bhunáite (BS) Raidió Ilchaighdeánach (MSR) Eisiúint 15
74.	EN 301 908-19 V6.3.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 19: OFDMA TDD WMAN (WiMAXTM Móibíleach) Trealamh Úsáideora TDD (UE)
75.	EN 301 908-2 V13.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 2: Trealamh Úsáideora (UE) Spré Díreach CDMA (UTRA FDD)
76.	EN 301 908-20 V6.3.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais fhíor-riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 20: OFDMA TDD WMAN (WiMAXTM Móibíleach) Stáisiúin Bhunáite TDD (BS)
77.	EN 301 908-21 V6.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais fhíor-riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 21: OFDMA TDD WMAN (WiMAXTM Móibíleach) Trealamh Úsáideora FDD (UE)
78.	EN 301 908-22 V6.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 22: OFDMA TDD WMAN (WiMAXTM Móibíleach) Stáisiúin Bhunáite FDD (BS)
79.	EN 301 908-3 V13.1.1 Líonraí ceallacha IMT, Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió, Cuid 3: Stáisiúin Bhunáite (BS) Spré Díreach CDMA (UTRA FDD)
80.	EN 301 929 V2.1.1 Tarchuradóirí agus glacadóirí VHF mar Stáisiúin Chósta le haghaidh GMDSS agus feidhmchláir eile sa tseirbhís shoghluaiste mhuirí, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
81.	EN 302 017 V2.1.1 Trealamh tarchuir le haghaidh na seirbhíse craoltóireachta fuaime Mhodhnaithe Aimplitiúide (AM), Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
82.	EN 302 018 V2.1.1 Trealamh tarchuir le haghaidh na seirbhíse craoltóireachta fuaime Mhodhnaithe Minicíochta (FM), Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE
83.	EN 302 054 V2.2.1 Áiseanna meitéareolaíocha, Raidiónna sondála atá le húsáid sa raon minicíochta 400,15 MHz go 406 MHz maille le leibhéil chumhachta suas go 200 mW, Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió
84.	EN 302 064-2 V1.1.1 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus gnóthaí a bhaineann leis an speictream raidió (ERM), Naisc Físeáin gan sreang (WVL) a oibríonn sa bhanda minicíochta 1,3 GHz go 50 GHz, Cuid 2: EN comhchuibhithe faoi Airteagal 3.2 den Treoir maidir le R&TTE Fógra: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le paraiméadair feidhmíochta glacadóra agus ní caighdeán é a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann maidir leis na paraiméadair sin.

85.	EN 302 065-1 V2.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD) a bhaineann úsáid as teicneolaíocht Bandaí Sárleathan, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 1: Ceanglais maidir le feidhmeanna Cineálacha Bandaí Sárleathan
86.	EN 302 065-2 V2.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD) a bhaineann úsáid as teicneolaíocht Bandaí Sárleathan, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 2: Ceanglais maidir le suíomh Bandaí Sárleathan a rianú
87.	EN 302 065-3 V2.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD) a bhaineann úsáid as teicneolaíocht Bandaí Sárleathan, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 3: Ceanglais maidir le gairis Bhandaí Sárleathan le haghaidh feidhmeanna feithicle ar talamh Fógra: Ní leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe seo sonraíochtaí teicniúla le haghaidh "teicnící truicear roimh an tarchur". Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/785 ([1]) ón gCoimisiún, forchuirtear, áfach, ón 16 Samhain 2019, ceanglais theicniúla atá le húsáid laistigh de na bandaí 3,8-4,2 GHz agus 6-8,5 GHz do chórais rochtana d'fheithiclí a bhaineann úsáid as truicear roimh an tarchur. Dá bhrí sin, le comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe seo, ní áirithítear comhlíonadh Chinneadh (AE) 2019/785 agus, dá réir sin, ní thugtar leis toimhde comhréireachta leis na ceanglais riachtanacha sin a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE a bhaineann le "teicnící truicear roimh an tarchur".
88.	EN 302 065-4 V1.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD) a bhaineann úsáid as teicneolaíocht Bandaí Sárleathan, Caighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais riachtanacha in Airteagal 3.2 de Threoir 2014/53/AE, Cuid 4: Gairis Bhraite Ábhar a bhaineann úsáid as teicneolaíocht Bandaí Sárleathan faoi bhun 10,6 GHz
